Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Samhain 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0074(COD)**

**15215/23**
**ADD 1**

**EF 349**
**ECOFIN 1152**
**CODEC 2090**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 a mhéid a bhaineann le haraíonacht socraíochta, soláthar trasteorann seirbhísí, comhar maoirseachta, soláthar seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta agus ceanglais maidir le taisclanna lárnacha urrús tríú tír agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice**

Tacaíonn Poblacht na Seice go leanúnach le forbairt bhreise an bhonneagair margaidh. Dá bhrí sin, chuireamar fáilte roimh an togra maidir leis an athbhreithniú ar an rialachán maidir le taisclanna lárnacha urrús (RTLU), agus thacaíomar leis, ós rud é gur cheart go ndéanfadh sé na ceanglais rialála a chuíchóiriú agus faoiseamh a bhfuil géarghá leis a thabhairt ón ualach riaracháin, ualach ar léiríodh nach bhfuil gá leis. Sa chomhthéacs sin, is oth linn a fheiceáil nár baineadh amach an acmhainn iomlán a bhí sa chomhréiteach críochnaitheach agus nár ionchorpraíodh go hiomlán an tréimhse athbhreithnithe 3 bliana le haghaidh na tuarascála a leagtar amach in Airteagal 22. Creidimid go mbeadh cur chuige níos comhréirí inmhianaithe agus tairbheach.

Bhíomar dóchas agus thar a bheith díograiseach maidir leis an bhféidearthacht socraíocht airgid a dhéanamh maidir le taisclanna lárnacha urrús (TLUnna) le haghaidh airgeadraí nach airgeadraí intíre iad, rud a d'fhéadfadh tuilleadh deiseanna a chur ar fáil chun Aontas na Margaí Caipitil a fhorbairt agus tuilleadh infheistíochta trastíre a thairiscint. Mar sin féin, tá srianta substaintiúla tagtha leis an gcomhréiteach deiridh, rud a bheidh ina dhídhreasú ag TLUnna baincéireachta maidir lena a gcuid seirbhísí baincéireachta a thairiscint do TLUnna eile, nó a chuirfidh cosc orthu fiú é sin a dhéanamh. Dá bhrí sin, is oth linn a fheiceáil gur míbhuntáiste eile a bheidh anseo le haghaidh na TLUnna beaga ar deireadh, ór is lú an rochtain a bheidh acu ar shocrú urrús in airgeadraí eile seachas in airgeadraí intíre.

**Ráiteas ó Phoblacht na Laitvia**

Tacaíonn an Laitvia le cuspóirí an rialacháin REFIT maidir le TLUnna agus is díol sásaimh di an obair a rinneadh go dtí seo. Aithnímid agus is mór againn na hiarrachtaí a rinne Uachtaránacht na Sualainne agus Uachtaránacht na Spáinne araon maidir le comhréitigh a d'fhéadfadh a bheith ann a lorg. Mar sin féin, tá imní fós ar an Laitvia maidir leis an bhfoclaíocht atá faoi láthair ar Airteagal 54(4a), foclaíocht a d'fhéadfadh éagothroime iomaíochta a chruthú i measc TLUnna baile agus aíochta agus is é ár dtuairim go bhfuil sé contrártha le cuspóir an rialacháin REFIT maidir le TLUnna bacainní ar sholáthar trasteorann seirbhísí TLUnna a leachtú, dá bhrí sin nílimid in ann tacú leis an téacs comhréitigh críochnaitheach.

Leis an bhfoclaíocht atá ar Airteagal 54(4a) faoi láthair, ní cheadófaí do TLU a bheadh údaraithe chun croísheirbhísí TLU a sholáthar trí bhrainse i mBallstát eile nach ionann an t-airgeadra ann agus airgeadra Ballstáit ina bhfuil an TLU bunaithe chun idirbhearta in airgead bainc tráchtála a shocrú in airgeadra na tíre baile. Cuireann an Laitvia in iúl go bhféadfadh sé nach bhféadfaí socraíocht a dhéanamh in airgead bainc ceannais agus cuntas le banc ceannais tíre baile á úsáid mar gheall ar chúiseanna eile atá lasmuigh de bheartas rochtana na mbanc ceannais, agus go bhféadfadh srianta eile a bheith i bhfeidhm nach gceadódh socraíocht a fhorghníomhú in airgead bainc ceannais le cuntais de chuid bhanc ceannais na tíre ina bhfuil an TLU bunaithe.

Ba mhaith leis an Laitvia a chur in iúl gurb é cuspóir RTLU deireadh a chur le bacainní iomaíochta i measc TLUnna an Aontais. Mar sin féin, leis an bhfoclaíocht atá in Airteagal 54(4a) faoi láthair, tá an bonn á bhaint den chuspóir sin trí bhacainní a thabhairt isteach ar sholáthar trasteorann TLUnna. Thairis sin, cruthaíonn sé míchothrom iomaíochta do dhá TLU a sholáthraíonn seirbhísí sa tír chéanna, ceann amháin mar TLU intíre agus ann ceann eile mar TLU trasteorann, cé go mbeadh cead ag an TLU intíre idirbhearta a shocrú san airgeadra céanna in airgead bainc tráchtála, ach nach gceadófaí don TLU trasteorann an méid sin a dhéanamh.

D’fhonn baint amach spriocanna an rialacháin REFIT maidir le TLUnna a éascú, ba mhaith leis an Laitvia a mholadh go ndéanfaí leasuithe a thabhairt isteach ar théacs comhréitigh an rialacháin REFIT maidir le TLUnna ionas go n-áiritheofaí nach gcruthófar bacainní do TLU a mbeadh brainse i mBallstát eile aige agus a oibríonn córas socraíochta urrús arna rialú ag dlí an Bhallstáit aíochta chun socrú a dhéanamh in airgeadra nach airgeadra intíre é don SSS sin in airgead bainc tráchtála, i gcás nach féidir an tsocraíocht in airgead bainc ceannais a shocrú.